Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2026
(OR. en)

9834/1/26
REV 1

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2025/0130 (COD)**
**2025/0131 (COD)**
**2025/0133 (COD)**
**2025/0134 (COD)**
**2025/0172 (COD)**
**2025/0176 (COD)**
**2025/0177 (COD)**
**2025/0359 (COD)**
**2025/0360 (COD)**
**2025/0391 (COD)**
**2025/0393 (COD)**
**2025/0394 (COD)**
**2025/0395 (COD)**
**2025/0396 (COD)**
**2025/0397 (COD)**
**2025/0408 (COD)**
**2025/0409 (COD)**
**2025/0410 (COD)**
**2025/0422 (COD)**
**2025/0424 (COD)**
**2025/0531 (COD)**

| | |
|---|---|
| SIMPL 121 | ENER 288 |
| ANTICI 124 | ENT 123 |
| AGRI 433 | ENV 583 |
| AGRIFIN 107 | FIN 763 |
| BETREG 10 | IA 144 |
| CHIMIE 66 | IND 372 |
| CLIMA 294 | INDEF 109 |
| COH 96 | JAI 679 |
| COMPET 640 | MAP 114 |
| CONSOM 175 | MI 549 |
| CSC 363 | POLCOM 198 |
| DATAPROTECT 175 | SAN 360 |
| DRS 16 | TELECOM 274 |
| ECO 18 | TRANS 354 |
| ECOFIN 689 | CODEC 1043 |
| EF 164 | |

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Pacáistí reachtacha Omnibus maidir le simpliú<br>- Tuarascáil ar dhul chun cinn |

## I. RÉAMHRÁ

1. I bhfianaise thuarascálacha Letta agus Draghi[1], d'iarr an Chomhairle Eorpach an athuair ó mhí Dheireadh Fómhair 2024 ar institiúidí uile an Aontais, ar na Ballstáit agus ar na páirtithe leasmhara rialacha a shimpliú agus ualaí riaracháin a laghdú ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach an Aontais. I mí an Mhárta 2026, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar na comhreachtóirí leanúint orthu leis an bhfuinneamh céanna agus na hualaí a bhaineann leis an reachtaíocht atá ann cheana a shimpliú agus a laghdú, go háirithe trí theacht ar chomhaontú, roimh dheireadh 2026, maidir leis na pacáistí omnibus uile atá ar feitheamh, lena n-áirítear pacáiste uaillmhianach omnibus IS faoi mhí Iúil 2026. D'iarr na ceannairí ar an gCoimisiún freisin tionscnamh omnibus breise agus tionscnaimh eile maidir le simpliú a chur ar aghaidh, lena n-áirítear na nósanna imeachta maidir le pleanáil agus ceadú a luathú agus a chuíchóiriú a thuilleadh, agus leag siad béim ar a thábhachtaí atá prionsabal na 'simplíochta trí dhearadh'.

2. Go dtí seo, tá deich gcinn de phacáistí omnibus curtha ar aghaidh ag an gCoimisiún, arb é is aidhm dóibh an reachtaíocht atá ann cheana i réimsí éagsúla a shimpliú, ag tosú le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach agus ceanglais díchill chuí agus cláir infheistíochta áirithe de chuid an Aontais, agus ina dhiaidh sin ag díriú ar bhearta simpliúcháin don talmhaíocht, don digiteáil agus do shonraíochtaí coiteanna, do chuideachtaí meánchaipitlithe beaga, don chosaint, do cheimiceáin, don chomhshaol, do mhótarfheithiclí agus do shábháilteacht bia agus beatha. D'fhógair an Coimisiún trí thogra omnibus eile ina chlár oibre do 2026, dhá cheann le tíolacadh i mí an Mheithimh, ceann a bhaineann le cánachas agus ceann a bhaineann le táirgí fuinnimh, agus ceann le tíolacadh i R4 a bhaineann le saoránaigh.

3. I gcomhréir leis na cuspóirí a leag an Chomhairle Eorpach amach i mí an Mhárta 2026, chomhaontaigh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún an Treochlár 'Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin' ina leagtar amach cúig bhloc tógála straitéiseacha, a mbaineann an chéad cheann acu le rialacha a shimpliú. Leagtar amach sa Treochlár spriocdhátaí tosaíochta chun gach pacáiste omnibus atá ar feitheamh a thabhairt chun críche ag deireadh 2026, agus na tograí Omnibus maidir le cánachas agus táirgí fuinnimh a thabhairt chun críche le linn R4 2027 ar a dhéanaí.

---

1 Faoi seach, 'Much more than a market' [Margadh Thar an gCoitiantacht] agus 'The future of European competitiveness' [Todhchaí iomaíochas na hEorpa].

4. Chuir na comhreachtóirí bailchríoch ar phacáistí Omnibus I-III le linn Uachtaránacht na Polainne agus Uachtaránacht na Danmhairge (agus thug Uachtaránacht na Cipire an comhad maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach agus ceanglais díchill chuí i gcrích go foirmiúil i mí Feabhra 2026). Leanann comhlacht ullmhúcháin cothrománach tiomnaithe na Comhairle, Foghrúpa de chuid Antici (Simpliú) (dá ngairtear Foghrúpa Antici anseo feasta), den obair a thabhairt chun cinn go pras maidir leis na tograí ón gCoimisiún atá fágtha le haghaidh pacáistí omnibus maidir le simpliú, agus — ar chinneadh ó Choiste na mBuanionadaithe — maidir le tograí eile ón gCoimisiún atá dírithe ar shimpliú go príomha i gcomhthéacs iomaíochas an Aontais a neartú.

5. Chaith Uachtaránacht na Cipire le gach togra simpliúcháin omnibus atá ann faoi láthair mar phríomhthosaíocht agus chuir sí a scrúdú, ullmhú na sainorduithe caibidlíochta agus an chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa chun cinn go pras.

## II. STAID NA hIMEARTHA

### Omnibus IV

6. Tá cúig thogra reachtacha i bpacáiste **Omnibus IV**, a moladh an 21 Bealtaine 2025: dhá thogra arb é is aidhm dóibh bearta maolaitheacha áirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide a leathnú chuig fiontair mheánchaipitlithe bheaga (FMBanna); dhá thogra maidir le digiteáil agus ailíniú sonraíochtaí coiteanna; agus togra 'stad-an-clog' maidir le hoibleagáidí áirithe i ndáil le dícheall cuí maidir le ceallraí.

7. Tá scrúdú déanta ag Foghrúpa Antici ar na tograí ón gCoimisiún ó mhí na Bealtaine 2025. Tar éis nós imeachta tapa, glacadh an Rialachán lena gcuirtear siar oibleagáidí díchill chuí áirithe maidir le ceallraí an 18 Iúil 2025, gan athruithe ar an togra ón gCoimisiún[2].

8. An 24 Meán Fómhair 2025, chomhaontaigh Coiste na mBuanionadaithe sainorduithe chun caibidlíocht a dhéanamh le Parlaimint na hEorpa i ndáil leis na tograí a bhí fágtha maidir le FMBanna agus digiteáil agus sonraíochtaí coiteanna[3].

---

[2] Rialachán (AE) 2025/1561 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2025, lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1542 a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí ar oibreoirí eacnamaíocha i dtaca le beartais díchill chuí maidir le ceallraí (IO L, 2025/1561, 30.7.2025, lch. 2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1561/oj).

[3] 13223/25 + ADD 1; 13224/25; 13232/25; 13233/25.

9. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh maidir leis na tograí sin an 11 Márta 2026, rud a dhearbhaigh a cinneadh dul i mbun caibidlíocht idirinstitiúideach.

10. Ina dhiaidh sin, tionóladh na chéad chruinnithe tríthaobhacha maidir le tograí Omnibus IV an 13 Aibreán 2026 i gcás tograí FMB, agus an 15 Aibreán 2026 i gcás na dtograí maidir le digiteáil agus sonraíochtaí coiteanna.

11. Tar éis tuilleadh caibidlíochta teicniúla agus polaitiúla ar bhonn na sainorduithe athbhreithnithe a chuir Coiste na mBuanionadaithe ar fáil an 3 Meitheamh 2026[4], agus tar éis an chaibidlíocht thríthaobhach a raibh comhaontuithe sealadacha mar thoradh uirthi a thabhairt i gcrích go rathúil, **tá sé ar intinn ag Uachtaránacht na Cipire toradh na caibidlíochta sin a chur faoi bhráid Choiste na mBuanionadaithe lena fhormhuiniú an 24 Meitheamh 2026.**

**Omnibus V**

12. Thíolaic an Coimisiún **pacáiste Omnibus V** ina ndírítear ar Ullmhacht Cosanta an 17 Meitheamh 2025. Áirítear ann tograí le haghaidh dhá Rialachán agus Treoir amháin chomh maith le dréachtaí de Rialacháin Tharmligthe arb é is aidhm dóibh infheistíochtaí cosanta agus coinníollacha don tionscal cosanta a éascú, soláthar slándála agus cosanta a shimpliú, agus dlús a chur le deonú ceadanna a bhaineann le tionscadail ullmhacht cosanta. Tugadh tús áite don chomhad, i gcomhréir leis an iarraidh ón gComhairle Eorpach bailchríoch a chur ar an obair ar an bPacáiste Omnibus maidir le hUllmhacht Cosanta mar ábhar práinne. Chomhaontaigh Coiste na mBuanionadaithe sainorduithe don chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa maidir leis na trí chomhad reachtacha an 26 Samhain 2025[5].

13. I bParlaimint na hEorpa, deimhníodh na cinntí ón gcomhchoiste dul i mbun caibidlíocht idirinstitiúideach sa suí iomlánach an 21 Eanáir 2026. Seoladh caibidlíocht idirinstitiúideach go foirmiúil an 26 Eanáir 2026 le tús a chur le cruinnithe tríthaobhacha le haghaidh na gcomhad maidir le deonú ceadanna agus maidir le haistrithe laistigh den Aontas agus soláthar cosanta, agus le malartú litreacha le haghaidh an chomhaid maidir le hullmhacht cosanta. Tionóladh an dara sraith de chruinnithe tríthaobhacha polaitiúla an 23 agus an 24 Márta le haghaidh na gcomhad maidir le deonú ceadanna agus maidir le haistrithe laistigh den Aontas agus soláthar cosanta.

4 9863/26 + ADD 1–4.
5 16093/25; 16096/25; 16097/25.

14. An 18 agus an 19 Bealtaine, tionóladh an tríú sraith de chruinnithe tríthaobhacha polaitiúla maidir leis na trí chomhad in Strasbourg. Tháinig na comhreachtóirí ar **réamh-chomhaontú** i ndáil leis na comhaid maidir le deonú ceadanna agus ullmhacht cosanta. Cuireadh clabhsúr i gcruinniú tríthaobhach an 10 Meitheamh 2026 ar an gcomhad maidir le haistrithe agus soláthar laistigh den Aontas. **Iarrfar ar Choiste na mBuanionadaithe na téacsanna comhréitigh críochnaitheacha a fhormhuiniú an 17 Meitheamh 2026.**

**Omnibus VI**

15. Chuir an Coimisiún **pacáiste Omnibus VI** ar aghaidh an 8 Iúil 2025. Tá dhá thogra ann: togra i ndáil le 'stad an clog' a bhaineann leis na dátaí cur i bhfeidhm agus leis na forálacha idirthréimhseacha sa Rialachán athbhreithnithe maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú Ceimiceán (Rialachán CLP)[6], agus togra chun ceanglais agus nósanna imeachta áirithe le haghaidh táirgí ceimiceacha a shimpliú i Rialachán CLP, sa Rialachán maidir le Táirgí Cosmaideacha[7], agus sa Rialachán maidir le Táirgí Leasacháin[8]. Is é is aidhm don phacáiste rialacha lipéadaithe le haghaidh ceimiceáin ghuaiseacha agus rialacha áirithe maidir le cosmaidí a shimpliú chomh maith le clárú táirgí leasacháin san Aontas a éascú.

---

6 Rialachán (AE) 2024/2865 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán (IO L, 2024/2865, 20.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2865/oj).

7 Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le táirgí cosmaideacha (athmhúnlú) (IO L 342, 22.12.2009, lgh. 59–209, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1223/oj).

8 Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le táirgí leasacháin AE a chur ar fáil ar an margadh agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003 (IO L 170, 25.6.2019, lgh. 1–114, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1009/oj).

16. An 24 Meán Fómhair 2025, tar éis nós imeachta brostaithe, tháinig Coiste na mBuanionadaithe ar chomhaontú maidir le **sainordú caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa i dtaca leis an togra i ndáil le 'stad-an-clog'**, gan aon athrú a dhéanamh ar an togra ón gCoimisiún. Ghlac an Chomhairle Rialachán CLP leasaithe 'stad-an-clog' an 17 Samhain 2025 agus foilsíodh san Iris Oifigiúil é an 3 Nollaig 2025[9].

17. An 5 Samhain 2025, chomhaontaigh Coiste na mBuanionadaithe sainordú chun caibidlíocht a dhéanamh leis an bParlaimint maidir leis an dara togra[10]. Ghlac Parlaimint na hEorpa a sainordú caibidlíochta an 29 Aibreán 2026. Rinneadh caibidlíocht idirinstitiúideach ó glacadh sainordú na Parlaiminte agus thángthas ar go leor comhréiteach sealadach ar an leibhéal teicniúil, ach tá roinnt príomh-shaincheisteanna fós gan réiteach.

18. **Tá sé d'aidhm ag Uachtaránacht na Cipire teacht ar chomhaontú sealadach le Parlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh ar an 16 Meitheamh 2026 in Strasbourg.**

**<u>Omnibus VII</u>**

19. An 19 Samhain 2025, chuir an Coimisiún dhá thogra ar aghaidh arb é atá iontu pacáiste **Omnibus VII**, arb é is aidhm dóibh an creat reachtach digiteach a shimpliú.

20. Is é is aidhm don togra le haghaidh an Omnibus Dhigitigh maidir leis an Intleacht Shaorga cuid d'fhorálacha an Ghnímh um an Intleacht Shaorga a shimpliú agus a shoiléiriú[11]. Tá sé i gceist le ceann de na hathruithe atá beartaithe cur i bhfeidhm roinnt de na forálacha maidir le córais intleachta saorga ardriosca a chur siar, ar forálacha iad a bhí le teacht i bhfeidhm an 2 Lúnasa 2026.

---

[9] Rialachán (AE) 2025/2439 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/2865 a mhéid a bhaineann le dátaí cur i bhfeidhm agus forálacha idirthréimhseacha (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L, 2025/2439, 3.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2439/oj).

[10] 15001/25.

[11] Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga) (IO L, 2024/1689, 12.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1689/oj).

21. An 13 Márta 2026, tháinig Coiste na mBuanionadaithe ar chomhaontú maidir le sainordú caibidlíochta[12]. Idir an 26 Márta agus an 28 Aibreán 2026, tionóladh dhá chruinniú thríthaobhacha pholaitiúla, agus tháinig Coiste na mBuanionadaithe ar chomhaontú maidir le sainordú caibidlíochta athbhreithnithe. Tháinig Uachtaránacht na Cipire ar chomhaontú sealadach le Parlaimint na hEorpa ag an tríú cruinniú tríthaobhach polaitiúil an 6 Bealtaine 2026 maidir le gnéithe den téacs a bhí fós gan réiteach, go háirithe maidir le toirmisc nua in Airteagal 5 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, agus maidir leis an gcaoi a gcaitear leis an Rialachán maidir le hInnealra[13] chun leibhéal cosanta a áirithiú atá comhsheasmhach leis an leibhéal dá bhforáiltear leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga. An 13 Bealtaine 2026, d'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú sealadach agus thug sé sainordú don Uachtaránacht an litir dhearbhúcháin a sheoladh chuig Parlaimint na hEorpa[14].

22. **Tá téacs deiridh an Omnibus Dhigitigh maidir le IS le glacadh ag seisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa i mí an Mheithimh agus ag an gComhairle an 29 Meitheamh 2026**.

23. Leis an dara togra de **phacáiste Omnibus VII** maidir leis an Omnibus Digiteach, tugtar isteach leasuithe ar RGCS lena n-áirítear nuachóiriú na rialacha fianán a leagtar síos sa Treoir maidir le r-phríobháideachas ('an Treoir maidir le r-phríobháideachas')[15], aisghairtear forálacha an Rialacháin maidir le hArdáin le haghaidh Gnó[16], comhdhlúthaítear rialacha an mhargaidh aonair maidir le sonraí ('*Acquis* Sonraí'), agus tugtar isteach sásra le haghaidh pointe tuairiscithe aonair do theagmhais chibearshlándála agus sonraí.

---

[12] 7322/26.

[13] Rialachán (AE) 2023/1230 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2023 maidir le hinnealra agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 73/361/CEE ón gComhairle (IO L 165, 29.6.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1230/oj).

[14] 9247/26.

[15] Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le cosaint príobháideachais san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/58/oj).

[16] Rialachán (AE) 2019/1150 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn d'úsáideoirí gnó a bhaineann úsáid as seirbhísí idirghabhála ar líne (IO L 186, 11.7.2019, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1150/oj).

24. Thosaigh an Suirbhé Bliantúil Fáis ag plé an togra i mí na Samhna 2025. Léiríodh sa phlé go dtacaítear go forleathan le roinnt gnéithe simplithe den togra, agus béim á leagan ag an am céanna ar shaincheisteanna inar chuir toscaireachtaí a n-imní in iúl faoin togra ón gCoimisiún, go háirithe maidir le pointe iontrála aonair a chruthú chun cibirtheagmhais a thuairisciú ar leibhéal an Aontais, maidir leis na rialacha reatha is infheidhme i ndáil le fianáin faoi RGCS a aistriú, agus maidir leis an sainmhíniú ar shonraí faoi ainm bréige mar shonraí pearsanta chun críocha RGCS a chur i bhfeidhm.

25. **Is é is cuspóir d'Uachtaránacht na Cipire teacht ar shainordú caibidlíochta maidir leis an togra faoi dheireadh mhí an Mheithimh**.

**<u>Omnibus VIII</u>**

26. Cuireadh **pacáiste Omnibus VIII** i láthair an 10 Nollaig 2025 chun an reachtaíocht chomhshaoil a shimpliú i réimsí na n-astaíochtaí tionsclaíocha, an gheilleagair chiorclaigh, na measúnuithe comhshaoil agus na sonraí geospásúla, agus tá sé thogra reachtacha san áireamh ann.

27. Tá bailchríoch á cur faoi láthair ar an leibhéal teicniúil ar an scrúdú ar na tograí le haghaidh Rialachán maidir le simpliú agus laghdú an ualaigh riaracháin agus le haghaidh Treoir maidir le simpliú agus laghdú an ualaigh riaracháin.

28. Bhí an togra le haghaidh Rialachán maidir le dlús a chur le measúnuithe comhshaoil níos casta. Is ar na pointí seo a leanas is mó a dhírigh an chaibidlíocht: teorainneacha ama, an pointe teagmhála aonair (SPOC), solúbthacht bhreise sna rialacha a leagtar amach sna Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga, agus d'iarr roinnt toscaireachtaí go mbeadh cur chuige uileghabhálach ann maidir le nósanna imeachta ceadaithe, agus é á thabhairt dá n-aire go bhfuil na rialacha atá ann faoi láthair scaipthe ar fud an iliomad ionstraimí reachtacha.

29. Is é an togra deireanach atá á chaibidil go gníomhach sa Suirbhé Bliantúil Fáis an togra le haghaidh Treoir maidir le ceanglais áirithe a shimpliú chun an Bonneagar d'Fhaisnéis Spáis a bhunú san Aontas (an Treoir INSPIRE). D'ainneoin gur togra fíortheicniúil é an togra seo, tá bailchríoch á cur ar an gcaibidlíocht ar an leibhéal teicniúil.

30. Rinne na toscaireachtaí measúnú diúltach ar thograí le haghaidh Rialachán agus le haghaidh Treoir lena gcuirtear ar fionraí cur i bhfeidhm rialacha áirithe maidir le hionadaithe údaraithe le haghaidh freagracht leathnaithe táirgeora, i bhfianaise an Ghnímh um an nGeilleagar Ciorclach atá ar na bacáin freisin. Dá bhrí sin, chuir an Uachtaránacht deireadh leis an obair ar na tograí, mar a cuireadh in iúl do Choiste na mBuanionadaithe an 22 Aibreán 2026.

31. **Tá sé d'aidhm ag Uachtaránacht na Cipire teacht ar shainordú caibidlíochta maidir leis na ceithre chomhad eile faoi dheireadh mhí an Mheithimh chun go bhféadfar tús a chur go pras leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa**.

32. I bParlaimint na hEorpa, leithdháileadh gach ceann de na sé chomhad ar Choiste ENVI, agus tá coinne leis go vótálfaidh sé orthu i mí Dheireadh Fómhair 2026.

<u>**Omnibus IX**</u>

33. Mar chuid den Phacáiste maidir le Mótarfheithiclí, a d'fhoilsigh an Coimisiún an 16 Nollaig 2025, tá sé d'aidhm ag an **bpacáiste Omnibus IX**, trí bhíthin togra le haghaidh Rialacháin, an t-ualach riaracháin a laghdú agus costais a laghdú do mhonaróirí Eorpacha trí chatagóir nua feithiclí leictreacha beaga a thabhairt isteach, trí roinnt ceanglais rialála maidir le feithiclí leictreacha tráchtála éadroma (veaineanna) a shimpliú chun a nglacadh a dhreasú, trí mhodhanna tomhais le haghaidh astaíochtaí a shimpliú faoi Rialachán Euro 7 agus trí cheanglais maidir le torann feithiclí a chuíchóiriú chun caighdeáin idirnáisiúnta a chomhlíonadh d'fhonn cothrom iomaíochta a chruthú do mhonaróirí Eorpacha. Áirítear sa phacáiste freisin togra le haghaidh Treoir atá nasctha leis an gcuspóir ceanglais rialála a shimpliú, go háirithe maidir le teorantóirí luais, le haghaidh feithiclí leictreacha tráchtála éadroma (veaineanna) chun a nglacadh a dhreasú.

34. Léiríodh sa phlé sa Suirbhé Bliantúil Fáis go dtacaítear go forleathan le roinnt gnéithe simplithe den phacáiste, agus béim á leagan ag an am céanna ar shaincheisteanna ina bhfuil seasaimh na dtoscaireachtaí roinnte go mór, i bhfianaise an naisc le codanna eile den Phacáiste maidir le Mótarfheithiclí agus le tograí reachtacha eile atá á bplé faoi láthair (e.g. an Gníomh um Dhlús a Chur leis an Tionsclaíocht). Baineann sé sin go háirithe le fochatagóir nua gluaisteán paisinéirí a chruthú le haghaidh feithiclí beaga leictreacha inacmhainne (catagóir 'M1E').

35. Iarradh treoir ó Choiste na mBuanionadaithe an 1 Aibreán, go háirithe maidir le catagóir M1E. Ar an mbonn sin, leantar den obair sa Suirbhé Bliantúil Fáis ar théacsanna comhréitigh a d'fhéadfadh a bheith ann.

36. **Tá sé d'aidhm ag Uachtaránacht na Cipire teacht ar chomhaontú maidir le sainordú caibidlíochta chun go bhféadfar tús a chur go pras leis an gcaibidlíocht idirinstitiúideach le Parlaimint na hEorpa**.

37. I bParlaimint na hEorpa, tá an obair ar an Rialachán faoi fhreagracht chomhpháirteach an Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO), an Choiste um an gComhshaol, um an Aeráid agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) agus an Choiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN), agus leithdháileadh an Treoir go heisiach ar Choiste TRAN. Meastar go vótálfaidh Parlaimint na hEorpa ar a cuid tuarascálacha i mí na Samhna.

**<u>Omnibus X</u>**

38. An 16 Nollaig 2025, ghlac an Coimisiún **pacáiste Omnibus X**, a fógraíodh i bhFís an Choimisiúin le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia[17] agus arb é is aidhm dó ualaí rialála nach bhfuil gá leo a laghdú agus ardchaighdeáin maidir le sábháilteacht bia agus beatha á gcoinneáil ar bun an tráth céanna, agus sláinte an duine agus sláinte ainmhithe, agus an comhshaol, a chosaint. Tá trí thogra reachtacha sa phacáiste: ar thaobh amháin, togra práinneach lena ndéantar Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chuíchóiriú trí shíneadh a chur le tréimhsí cosanta sonraí áirithe agus, ar an taobh eile, '*togra le haghaidh Treoracha*' agus '*togra le haghaidh Rialachán*' maidir le ceanglais sábháilteachta bia agus beatha a shimpliú agus a neartú i roinnt ionstraimí reachtacha a bhaineann le lotnaidicídí, le tréidliacht agus le saincheisteanna a bhaineann le bia.

39. Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú go tapa maidir leis an togra le haghaidh Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha i ndáil le tréimhsí cosanta sonraí, gan aon athrú ar an togra ón gCoimisiún. Foilsíodh an téacs san Iris Oifigiúil ar an 26 Bealtaine 2026[18].

---

[17] 6385/25.

[18] Rialachán (AE) 2026/1165 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2026 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí cosanta sonraí áirithe (IO L, 2026/1165, 26.5.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/1165/oj).

40. Is é príomhghné an togra le haghaidh na dTreoracha leasú a dhéanamh ar Threoir 2009/128/CE maidir le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí[19] trí mhaoluithe a thabhairt isteach ar an toirmeasc ginearálta ar leathadh lotnaidicídí ón aer chun úsáid ladrann a éascú le haghaidh leathadh spriocdhírithe lotnaidicídí a bhféadfadh riosca coibhéiseach nó riosca níos ísle fós a bheith ag baint leo ná mar atá i gceist le lotnaidicídí a leatar ar leibhéal na talún.

41. An 27 Bealtaine 2026, tháinig Coiste na mBuanionadaithe ar chomhaontú maidir le **sainordú, i ndáil leis an togra le haghaidh na dTreoracha, don chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa**[20] a thionólfar i gcomhar leis an togra le haghaidh na Rialachán.

42. Tá forálacha leasaitheacha sa togra le haghaidh Rialachán arb é is aidhm dóibh ceanglais agus nósanna imeachta áirithe a shimpliú agus a chuíchóiriú le haghaidh táirgí a úsáidtear i dtáirgeadh bia agus beatha a shainaithníonn an tionscal agus na húdaráis mar tháirgí a bhfuil ualach ar leith ag baint leo.

43. An 27 Bealtaine 2026, thug Coiste na mBuanionadaithe treoir maidir leis na leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 maidir le huasleibhéil iarmhar (ULInna), bunaithe ar an téacs comhréitigh is déanaí ón Uachtaránacht an 22 Bealtaine 2026[21]. Ós rud é nár tugadh tacaíocht leordhóthanach don dréacht-sainordú a mhol Uachtaránacht na Cipire ag an gcruinniú a bhí ag Coiste na mBuanionadaithe an 12 Meitheamh 2026, **leanfaidh an Uachtaránacht den phlé le súil agus go mbeidh comhaontú ann i ndáil le sainordú don togra le haghaidh na Rialachán.**

44. I bParlaimint na hEorpa, leithdháileadh an togra le haghaidh na dTreoracha agus an togra le haghaidh na Rialachán araon ar an gComhchoiste um an gComhshaol, um an Aeráid agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) agus um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe (AGRI). Meastar go vótálfaidh an Comhchoiste ar na tuarascálacha i mí Dheireadh Fómhair.

---

19 Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach (IO L 309, 24.11.2009, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/128/oj).

20 9737/26.

21 9642/26.

## III. CONCLÚID

45. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an tuarascáil seo ar dhul chun cinn a thabhairt dá aire agus í a chur ar aghaidh chuig an gComhairle Gnóthaí Ginearálta le haghaidh an chruinnithe a bheidh aici an 16 Meitheamh 2026.